

SHÁRMHAITHEAS NUÁLAÍOCHT CRUITHAITHEACHT



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Dillion, Bhealeach an Doirin
Co. Ro Comáin, Ireland

Tel: +353 (0) 94 9861441
Fax: +353 (0) 94 98671443
Email: info@wdc.ie

www.wdc.ie

CLÁR ÁBHAIR

Brollach an Chathaoirligh	1
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	3
■ Réamhrá	6
■ Cuid 1: Forbairt Chothrom Réigiúnach	10
■ Cuid 2: Cur Chun Cinn an Réigiúin	20
■ Cuid 3: Forbairt Tuaithe	24
■ Cuid 4: Ciste Infheistíochta CFI	30
■ Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	32
■ Foscúibhinn	
Foscúibhinn 1 - Baill CFI	37
Foscúibhinn 2- Painéal Comhairleach Ciste	38
Foscúibhinn 3 - Grúpa Comhairleacha Eile	39
Foscúibhinn 4 - Infheistíochtaí 2007	40
■ Ráitis Airgeadais 2007	42
■ Giorrúcháin	62

Brollach an Chathaoirligh

Cosúil leis an gcuid eile den tír, is iomaí athrú dearfach atá feicthe ag na seacht gcontae san Iarthar ó bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair ar bhonn reachtúil i 1999. Mar gheall ar an bhforás eacnamaíoch tá deireadh tagtha le heisimirce agus tá fás suntasach tagtha ar an daonra.

Mar gheall ar an infheistíocht phoiblí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 tá an-fheabhas tagtha ar bhonneagar, rud a chiallaíonn go bhféadfadh an meon diúltach sa réigiún athrú agus agus an áit a chur chun cinn mar áit bhríomhar ilghnéitheach.

Agus fórsaí an domhain ag rialú treo na dtíortha agus na réigiún, caithfear go leor a dhéanamh chun an tearcfhorbairt a shárú agus cur le neart an Iarthair. Sin an chúis go bhfeiceann Coimisiún Forbartha an Iarthair an tiomantas d'fhorbairt chothrom réigiúnach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 Athrú Mór ar Éirinn mar chuid lárnach dá chuid oibre. Chun poitéinseal eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an réigiúin – réigiún tuaithe den chuid is mó – a bhaint amach teastaíonn infheistíocht, obair agus cruthaitheacht. Tá a fhios ag an gCoimisiún go bhfuil ardchaighdeán maireachtála ar fáil san Iarthar agus go leor deiseanna eacnamaíochta. Creidimid leis an tacaíocht chuig go bhféadfaí acmhainní an réigiúin a fheabhsú agus cur lena phoitéinseal.

Cuireadh tríú Plean Straitéiseach an Choimisiúin le chéile in 2007. I dtréimhse an phlean 2007-2009, díreoidh an Coimisiún ar na réimsí a rachaidh chun sochair don Réigiún agus don tír trí chéile.

Tá cúig chuspóir straitéiseacha ag straitéis an Choimisiúin:

- Cur leis an bhforbairt chothrom réigiúnach trína chinntiú go mbaineann an Réigiún úsáid as a phoitéisneal d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta.
- Na buntáistí a bhaineann le bheith ag cónaí, ag obair agus ag déanamh do ghnó san Iarthar a chur chun cinn.
- Tacú le forbairt inmharthana eacnamaíoch agus shóisialta ar an ngeilleagar tuaithe.
- Caipiteal riosca a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus shóisialta.
- Coimisiún Forbartha an Iarthair a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.

Táim sásta go ndearna CFI cion suntasach, trína chuid oibre sa bhliain 2007, maidir le todhchaí a chruthú do mhuintir an lathair.

In 2007, lean baill an Choimisiúin lena dtiomantas d'ardchaighdeán a bhaint amach i rialachas corparáideach, ag teacht le freagrachtaí na heagraíochta mar chomhlacht reachtúil. Mar gheall air sin, cloíonn an Coimisiún le prionsabail an dea-rialaithe, atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá baill agus bainistíocht CFI tiomnaithe le cinntiú go bhfuil a gcuid imeachtaí uile faoi riail comaoine atá intuigthe sa Chód.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo siúd ar fad a d'oibrigh agus a thacaigh le CFI in 2007, go háirithe an tUasal Éamon Ó Cuív, TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, baill eile an Choimisiúin agus iad siúd ar fad a bhí ar na painéil chomhairleacha, na ceardlanna agus na seimineáir ionas go raibh an Coimisiún in ann a dhualgais a chomhlíonadh i gcomhar leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus pobail.

Ba mhaith liom tréaslú leis an bPríomhfheidhmeannach, Gillian Buckley agus a foireann as a dtiomantas agus a gcuid éachtaí in 2007.

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Choimisiún Forbartha an lathair 2007-2009 timpeallacht a chruthú inar féidir leis an lathar a bheith iomlán páirteach i ngeilleagar nua-aimseartha. Leagann Tuarascáil Bhliantúil 2007 amach an chéad bhliain den straitéis trí bliana.



Mícheál Ó Fearail
Cathaoirleach

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba í 2007 an chéad bhliain de phlean straitéiseach trí bliana an Choimisiúin. Tá sé i gceist leis an bplean seo cur leis na héachtaí atá déanta againn go dtí seo chomh maith le tús a chur leis an bhforbairt ar réimsí nua cosúil leis an nGeilleagar Cruthaitheach, rud a chuirfidh leis an neart agus an poitéinseal atá san Iarthar cheana féin.

Seoladh an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 (NDP) go luath sa bhliain. Léiríonn an Plean creat dearfach d'obair an Choimisiúin, mar gheall ar cuspóirí tosaíochta iad forbairt chothrom réigiúnach, comhoibriú eacnamúil agus earnála uile-oileáin, agus an geilleagar tuaithe a fhorbairt. I rith 2007, lean CFI lena anailís beartais agus ról forbraíochta trí shraith táscairí a chur le chéile chun dul chun cinn i bhforbairt chothrom réigiúnach a thomhas. Cuireadh é seo faoi bhráid na Roinne Airgeadais, atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta.

Réimse tábhachtach eile den obair bheartais in 2007 an anailís a rinneadh ar mhodheolaíochtaí measúnú tionscadal eacnamaíoch chun a fháil amach an bhféadfaí buntáistí don fhorbairt réigiúnach a áireamh i gcinnteoireacht faoi infheistíocht phoiblí. Tá sé seo agus an páipéar táscairí mar chuid de chlár obair leanúnach, a bhfuil sé mar aidhm leis ionchur praiticiúil agus cuiditheach a bheith aige maidir le hinfeistíocht phoiblí a d'fhéadfadh tacú le forbairt chothrom.

In 2007, rinneadh an-dul chun cinn maidir le bonneagar bóithre, iarnróid, aeir agus fuinnimh san Iarthar. Cuireann an Coimisiún an-fháilte roimh an ngealltanas Bealach Iarnróid an Iarthair chuig Clár Chlainne Mhuirí a athoscailt faoi 2014. Chomh maith leis sin, léiríonn Ciste na nAerfort Réigiúnach, bailte beaga agus móra sa réigiún a cheangal

leis an bpíblíne gás nádúrtha, an tiomantas sa Chlár don Rialtas Conair Bhóthar an Atlantaigh a fhorbairt chun Leitir Ceanainn a nascadh le Port Láirge trí mhótarbhealach an tiomantas dearfach bonneagair don Iarthar.

Tá imní ar an gCoimisiún, áfach, maidir leis an moill ar bhonneagar, go háirithe na spriocamanna nach bhfuil ar fáil do mhórchuid na bpríomhbhealaí a d'fheabhsódh go mór an nasc idir réigiúin. Agus fáilte á cur roimh an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda, a chuirfidh seirbhís áirithe leathanbhanda ar fáil i gceantair thuaithe, tá imní orainn, de réir mar a bheas bandaleithead agus riachtanais luais ag méadú, nach mbeidh ceantair thuaithe in ann úsáid iomlán a bhaint as leathanbhanda.

Na buntáistí a bhaineann le bheith ag cónaí, ag obair agus ag déanamh do ghnó i gcontaetha an Iarthair a chur chun cinn atá mar chuid lárnach den phlean straitéiseach. In 2007, cuireadh go mór leis an bhfeachtas LookWest.ie. Gné nua den fheachtas an réigiún a chur chun cinn don earnáil fiontraíochta, i gcomhar le húdaráis áitiúla an réigiúin. Tá meon an-dearfach i leith an fheachtais LookWest.ie, agus léirigh dhá shuirbhé neamhspleácha a choimisiúnaigh an CFI go raibh an-suim ag daoine bogadh chuig an Iarthar agus an-eolas ar an ardchaighdeán saoil ar fáil san Iarthar.

Is é forbairt ceantar tuaithe lárchroí téarmaí tagartha CFI. Oibríonn CFI i gcompháirtíocht chun tionscadail nuálacha a chur chun cinn sa gheilleagar cruthaitheach, turasóireacht tuaithe agus fuinneamh inathnuaite.

In 2007, tháinig críoch mar a bhí pleanáilte le Clár Turasóireachta Forbartha an Iarthair (CTFI), a raibh CFI mar rannpháirtí straitéiseach ann, agus bhí tionchar an-dearfach aige seo ar an réigiún. Thug an clár phíolótach seo páirtithe leasmhara le chéile ón earnáil phoiblí agus phríobháideach chun gníomhaíocht gníomhaireachta a chomhordú agus chun tionscadail turasóireacht tuaithe phíolótacha nuálacha a fhorbairt. Agus an clár á mheas ag Fáilte Ireland dúradh “Cé gur fíorbheagán a caitheadh leis an gclár seo baineadh go leor éachtaí amach.” Tá tionscadail phíolótacha cosúil le Walking in the West agus an Western Food Trail a thionscain CTFI ar siúl anois ag gníomhaireachtaí cosúil le Fáilte Ireland, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus LEADER. Chomh maith leis sin, tá an Green Box ag dul ó neart go neart. Tionscadal é seo a léiríonn an tír mar shuíomh éiceathurasóireachta, agus is iomaí duais atá gnóthaithe aige. Chuaigh an tionscadal chomh fada leis an ggraobhchomórtas idirnáisiúnta den duais ‘Tourism for Tomorrow’, mar aon leis an Mórscéir Bhacainneach san Astráil agus Stát Vermont i Meiriceá.

In 2007, chuir CFI straitéis forbartha fuinneamh adhmaid i gcrích mar aon le plean gníomhaíochta don réigiún. Faoin straitéis seo, d’fhéadfadh fuinneamh adhmaid faoin mbliain 2020 suas le 619,000 tona d’astuithe CO₂ a shábháil, Oll-Luach Breise a mhéadú €15 milliún sa bhliain, beagnach 900 post a chruthú, agus €1.7 milliún a chur leis an earnáil feirmeoireachta ó dhíol adhmaid. Is ionann an carbón a shábhálfar agus 147,000 gluaisteán a thógáil de na bóithre ar feadh bliana.

D’infheistigh Ciste Infheistíochta CFI €6.2 milliún i 17 dtionscadal in 2007. Déantar 70% den infheistíocht san Eolaíocht Bheatha agus i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (ICT), rud a léiríonn an ról lárnach atá ag Ciste Infheistíochta CFI i nGeilleagar an Eolais a mhaoiniú san Iarthar. Buaicphointe do Chiste Infheistíochta CFI in 2007 nuair a athinfheistíodh airgead a cuireadh isteach sa Chiste arís. Tagann sé seo le tuairim CFI go bhféadfadh an Ciste gan cent a chosaint ar an Státchiste le himeacht ama. CFI a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach ceann de phríomhspríocanna Phlean Straitéiseach 2007-2009. Geallaimid cloí le riachtanais reachtaíochta chomh maith le nuachóiriú na hearnála poiblí agus dea-chleachtas sna réimsí Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Acmhainní Daonna agus Cúram do Chustaiméirí.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach, Mícheál Ó Fearail, agus leis an mBord as a dtiomantas, buíochas leis an bhfoireann as a ndíograis agus a dtiomantas d’fhorbairt an iarthair, agus leis an Aire agus a oifigigh as a dtacaíocht leanúnach d’obair CFI. Tá CFI iomlán tiomanta do chomhpháirtíocht le comhlachtaí eile poiblí, príobháideacha agus pobail, chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an Iarthair a chur chun cinn. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis na heagraíochtaí agus leis na daoine ar fad a d’oibrigh linn in 2007.



Gillian Buckley
Príomhfheidhmeannach

the 1990s, the number of people in the world who are under 15 years of age has increased from 1.1 billion to 1.5 billion, and the number of people aged 65 and over has increased from 0.5 billion to 0.7 billion (United Nations 2002).

There are a number of reasons why the world population is ageing. First, the number of people who survive to old age has increased. In 1950, the life expectancy at birth was 47 years for men and 51 years for women. By 2000, life expectancy at birth had increased to 72 years for men and 77 years for women (United Nations 2002). This increase in life expectancy is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.

Second, the number of people who are aged 65 and over has increased. In 1950, there were 0.5 billion people aged 65 and over in the world. By 2000, there were 0.7 billion people aged 65 and over in the world. This increase is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.

Third, the number of people who are aged 65 and over has increased. In 1950, there were 0.5 billion people aged 65 and over in the world. By 2000, there were 0.7 billion people aged 65 and over in the world. This increase is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.

Fourth, the number of people who are aged 65 and over has increased. In 1950, there were 0.5 billion people aged 65 and over in the world. By 2000, there were 0.7 billion people aged 65 and over in the world. This increase is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.

Fifth, the number of people who are aged 65 and over has increased. In 1950, there were 0.5 billion people aged 65 and over in the world. By 2000, there were 0.7 billion people aged 65 and over in the world. This increase is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.

Sixth, the number of people who are aged 65 and over has increased. In 1950, there were 0.5 billion people aged 65 and over in the world. By 2000, there were 0.7 billion people aged 65 and over in the world. This increase is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.

Seventh, the number of people who are aged 65 and over has increased. In 1950, there were 0.5 billion people aged 65 and over in the world. By 2000, there were 0.7 billion people aged 65 and over in the world. This increase is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.

Eighth, the number of people who are aged 65 and over has increased. In 1950, there were 0.5 billion people aged 65 and over in the world. By 2000, there were 0.7 billion people aged 65 and over in the world. This increase is due to a number of factors, including improvements in medical care, better nutrition, and a decline in infant mortality.



RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Baill an WDC agus Príomhfheidmeannach.

Ár bhFís

Réigiún Iarthair atá muiníneach uailmhianach – áit a dtugtar luach saothair d'ardchaighdeán feabhais, nuálaíocht agus cruthaitheacht, agus áit a bhfuil meas ar an gcaighdeán saoil, timpeallacht ghlan agus oidhreacht den scoth agus cosaint acu.

Ár Misean

A bheith mar ghníomhaireacht aitheanta do Réigiún an Iarthair, ag cur le neart an réigiúin, ag leigheas laigí an réigiúin agus ag cur cáil ardchaighdeán an réigiúin chun cinn.

Feidhmeanna CFI

Is iad príomhfheidhmeanna CFI:

- Forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an Iarthair a chothú agus a chur chun cinn
- Ciste Infheistíochta CFI a bhainistiú – ciste síorghlas na milliún euro – a thugann caipiteal riosca (gnáthscaireanna agus iasachtaí) ar bhonn tráchtála do thionscadail ghnó agus phobail san Iarthar


Struchtúr CFI

Tá beirt bhall déag ar CFI atá ceaptha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An tUasal Éamon Ó Cuív TD. (Féach Foscúbhinn 1).

Tacaíonn feidhmeannach leis an gCoimisiún atá suite i dTeach Dillon, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin. Tá 15 ar an bhfoireann buan agus saineolas acu ar anailís beartais, forbairt réigiúnach agus tuaithe, infheistíocht agus riarachán.

Faighimid cúnamh ar thionscadail éagsúla chomh maith ó phainéil chomhairleacha le hionadaithe ón earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach. (Féach Foscúbhinn 2 agus 3).

Struchtúr Eagrúcháin



Aidhmeanna Straitéiseacha CFI 2007-2009

- Cur leis an bhforbairt chothrom réigiúnach trína chinntiú go mbaineann an Réigiún úsáid as a phoitéinseal d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta.
- Na buntáistí a bhaineann le bheith ag cónaí, ag obair agus ag déanamh do ghnó san Iarthar a chur chun cinn.
- Tacú le forbairt inmharthana eacnamaíoch agus shóisialta ar an ngeilleagar tuaithe.
- Caipiteal riosca a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SME) agus shóisialta.
- Coimisiún Forbartha an Iarthair a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.

the 1990s, the number of people in the world who are under 15 years of age has increased by 1.2 billion, from 1.1 billion in 1980 to 2.3 billion in 1999. The number of people aged 15 years and over has increased by 1.5 billion, from 2.5 billion in 1980 to 4.0 billion in 1999. The number of people aged 65 years and over has increased by 0.5 billion, from 0.3 billion in 1980 to 0.8 billion in 1999.

These changes in the world population have led to a significant increase in the number of people who are under 15 years of age, from 1.1 billion in 1980 to 2.3 billion in 1999. This increase has been driven by a combination of factors, including a decline in the death rate, a decline in the birth rate, and a decline in the age at which people are having children.

The decline in the death rate has been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the death rate from infectious diseases, a decline in the death rate from non-communicable diseases, and a decline in the death rate from violence.

The decline in the birth rate has also been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the birth rate from developed countries, a decline in the birth rate from developing countries, and a decline in the birth rate from the world as a whole.

The decline in the age at which people are having children has also been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the age at which people are having children from developed countries, a decline in the age at which people are having children from developing countries, and a decline in the age at which people are having children from the world as a whole.

These changes in the world population have led to a significant increase in the number of people who are under 15 years of age, from 1.1 billion in 1980 to 2.3 billion in 1999. This increase has been driven by a combination of factors, including a decline in the death rate, a decline in the birth rate, and a decline in the age at which people are having children.

The decline in the death rate has been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the death rate from infectious diseases, a decline in the death rate from non-communicable diseases, and a decline in the death rate from violence.

The decline in the birth rate has also been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the birth rate from developed countries, a decline in the birth rate from developing countries, and a decline in the birth rate from the world as a whole.

The decline in the age at which people are having children has also been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the age at which people are having children from developed countries, a decline in the age at which people are having children from developing countries, and a decline in the age at which people are having children from the world as a whole.

These changes in the world population have led to a significant increase in the number of people who are under 15 years of age, from 1.1 billion in 1980 to 2.3 billion in 1999. This increase has been driven by a combination of factors, including a decline in the death rate, a decline in the birth rate, and a decline in the age at which people are having children.


The decline in the death rate has been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the death rate from infectious diseases, a decline in the death rate from non-communicable diseases, and a decline in the death rate from violence.

The decline in the birth rate has also been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the birth rate from developed countries, a decline in the birth rate from developing countries, and a decline in the birth rate from the world as a whole.

The decline in the age at which people are having children has also been a major factor in the increase in the number of people under 15 years of age. This decline has been driven by a number of factors, including a decline in the age at which people are having children from developed countries, a decline in the age at which people are having children from developing countries, and a decline in the age at which people are having children from the world as a whole.



RANNÁN I



FORBAIRT CHOTHROM RÉIGIÚNACH

FORBAIRT CHOTHROM RÉIGIÚNACH

Sprioc 1: Cur leis an bhforbairt chothrom réigiúnach trína chinntiú go mbaineann an Réigiún úsáid as a phoitéinseal d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta.



Anailís Beartais agus Forbairt Beartais

Daonáireamh 2006


Chuidigh torthaí Dhaonáireamh 2006 le hobair beartais CFI i rith 2007. Mhéadaigh an daonra i gcontaetha ar fad an iarthair sna ceithre bliana ó 2002 – tharla an méadú is mó i Liatroim. Imirce isteach is cúis leis an méadú seachas méadú nádúrtha. Mhéadaigh an daonra i bhformhór na mbailte san lathar chomh maith. Tharla an méadú is sciobtha sna bailte móra agus sna bailte eile is gaire do na bailte móra.

Bhí 53,000 duine breise fostaithe sa réigiún in 2006 thar 2002 – sin méadú 19%. Tá líon na ndaoine in oideachas tríú leibhéal méadaithe i ngach contae chomh maith ó 2002. Tá an-fháilte roimh an athrú dearfach seo i ndiaidh blianta de laghdú ar líon na ndaoine in oideachas tríú leibhéal.

Léiríonn sonraí an daonáirimh na dúshlán mhóra atá os comhair an reigiúin. Áirítear anseo na ceantair thuaithe den chuid is mó, an meascán gairmeacha agus an gá atá le níos mó céimithe tríú leibhéal a choinneáil. Cabhróidh anailís leanúnach ar shonraí an daonáirimh le hobair CFI i rith 2008.

Daonáireamh 2006

Population of Western Counties 1991, 1996, 2002, 2006



Táscairí, Forbairt Chothrom Réigiúnach agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Éascaíonn táscairí an mhonatóireacht agus measúnú beartais i dtéarmaí tionchair agus a mhéid a bhaineann siad cuspóirí amach. Go dtí seo, is beag béim a cuireadh ar dhul chun cinn a thomhas maidir leis an gcuspóir náisiúnta forbairt chothrom réigiúnach ach soláthraíonn an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 (NDP), ina shocruithe monatóireachta agus bainistíochta, teimpléad monatóireachta “a thomhasfaidh tionchar na hinfheistíochta ar fhorbairt réigiúnach” (NDP 2007-2013 lth. 280).

Dá réir sin, thapaigh CFI an deis a thairbhí ar tháscairí réigiúnacha a thomhas chun ionchar a bheith aige ar phróiseas monatóireachta an Phlean Forbartha Náisiúnta. Tá páipéar ullmhaithe ina molar sraith táscairí chun dul chun cinn a thomhas i bhforbairt chothrom réigiúnach agus seolta chuig an Roinn Airgeadais, atá freagrach as monatóireacht ar an bPlean.

Sa pháipéar, leagtar amach naoi dtáscaire déag faoi sé théama, is iad sin: Déimeagrafaíocht; Margadh an tSaothair; Feidhmíocht agus Struchtúr Eacnamúil; Oideachas; Ioncam agus Bochtaineacht; Nuálaíocht agus Teicneolaíocht. Pléitear gach táscairí agus an bhaint atá aige leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus forbairt chothrom réigiúnach.

Bhí glacadh dearfach leis an bpáipéar a cuireadh chuig breis agus ceathracha duine sna ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit cuí, mar ionchar cuiditheach i bhforbairt an phróisis monatóireachta. Mar chuid den obair a leanann uaidh sin, casann baill an fheidhmeannais go rialta le hoifigigh na Roinne Airgeadais agus Aonad na Spásphleanála sa Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (atá freagrach as cur i bhfeidhm na Straitéise Spáis Náisiúnta (NSS) a mhaoirsiú agus a chur chun cinn).

Taisteal chun na hOibre agus Margaí Réigiúnacha Saothair

In Éirinn, go dtí anois, is beag anailís a rinneadh ar na margaí réigiúnacha saothair. Is beag sonraí a bhí ar fáil go dtí seo ag an leibhéal fonáisiúnta. Mar sin féin, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) sonraí nua ar fáil maidir leis an Ionad Oibre ó Dhaonáireamh 2002 agus 2006 agus is iontach an acmhainn na sonraí seo don taighde ar mhargadh an tsaothair. Den chéad uair riamh, tá mionsonraí ar fáil faoi áit chónaithe agus áit oibre daoine ag leibhéal fochontae.

Choimisiúnaigh CFI Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) in OÉ

Má Nuad chun anailís a dhéanamh ar na sonraí seo. Thosaigh an obair i nDeireadh Fómhair 2007. Léireoidh an anailís seo an taisteal chun na hoibre a dhéantar go náisiúnta agus san Iarthar. Léireoidh sé chomh maith na margaí réigiúnacha saothair mar gheall ar na patrúin taistil chun na hoibre, agus ceantair thíreolaíocha a bhfuil a sonraí á ndúbailt sna figiúirí. Tá sé i gceist é a bheith críochnaithe go luath in 2008. Cabhróidh sé le patrúin chomaitéireachta a aithint agus margaí áitiúla agus réigiúnacha saothair agus a dtréithe agus ba chóir go mbeadh sé an-úsáideach do ghníomhaireachtaí fiontraíochta agus údaráis phleanála.



Measúnú Tionscadail agus Forbairt Réigiúnach

Tá roinnt inní ar CFI nach bhfuil teicnící reatha a mheasann tionscadail ag cur buntáistí iomlána d'fhorbairt réigiúnach na hinfheistíochta i dtionscadail bhonneagair san áireamh. I gcás na dtionscadal atá suite in áiteanna nach bhfuil an daonra chomh hard iontu, áit a mbíonn ioncam nó buntáistí inchainníochtúla níos ísle ná in áiteanna a bhfuil an daonra nó gníomhaíocht eacnamaíúil ard, d'fhéadfadh an-tionchar a bheith ag tionscadal ar fhorbairt réigiúnach ach tá sé deacair luach a chur ar thionchar na dtionscadal sin.

Choimisiúnaigh CFI staidéar atá curtha i gcrích anois ar úsáid teicnící a mheasann tionscadail eacnamaíúla (go háirithe an Anailís Costais is Tairbhe) i dtionscadail bhonneagair i réigiúin bheagfhorbartha agus an réiteach a d'fhéadfaí a fháil ar roinnt de na deacrachtaí. Léiríonn an tuarascáil seo, Project Appraisal Techniques and their Application to Regional Infrastructure Projects, go bhfuil easpa sonraí ann chun measúnú ceart a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta ar fhorbairt

réigiúnach. Léiríonn an tuarascáil chomh maith go bhfuil fianaise ann go bhfuil leas ag baint leis an infheistíocht bhonneagair i bhforbairt réigiúnach agus gur chóir leanúint ar aghaidh leis an taighde sa réimse sin. Tá an-dul chun cinn déanta cheana féin ar thionchair cosúil le fostaíocht, inrochtaineacht agus comhtháthú a mheas, go háirithe sa Ríocht Aontaithe.

Ainmnítear tionchair éagsúla inchainníochtúla agus cáilíochtúla nach ndéantar a mheas i ngnáthmheasúnú in Éirinn faoi láthair. Braitheann na comhairleoirí, mar sin féin, go bhfuil tábhacht na dtionchar seo agus an modh measúnachta fós le cruthú. Níl aon ghá le taighde breise ar na bealaí a mheastar na tionchair sin. Tá obair CFI sa réimse seo beartaithe mar chabhair d'uirlisí éifeachtacha a fhorbairt d'infheistíocht phoiblí i mbonneagar agus a chinntiú go bhfaightear luach ar airgead i bhforbairt chothrom réigiúnach. Cuireadh achoimre neamhtheicniúil den tuarascáil ar fáil. Tá CFI tiomanta don réimse oibre seo agus leanfaimid ar aghaidh leis in 2008.

BONNEAGAR

Bóithre

Tá caighdeán maith sa bhonneagar bóithre riachtanach chun go bhfásfaidh Réigiún an Iarthair agus tá CFI gníomhach ag cur béime ar na riachtanais bhóithre ó bunaíodh é. Cuireadh forbairt ar bhóithre áirithe náisiúnta sa réigiún i gcrích in 2007 – seachbhóithre Inse, Bhaile Chathail agus Dromad-Rúsaigh. Tá sé i gceist chomh maith go mbeidh an mótarbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath réidh faoi 2010.

Is iad príomhaidhmeanna CFI maidir le bonneagar bóithre, na spriocamanna don fheabhsúchán ar an bpríomhbhóthar N5/N26 idir Ros Comáin agus Maigh Eo, agus an N16 idir Sligeach agus Dún Dealgan, agus Conair Bhóthair an Atlantaigh, go háirithe ó thuaidh de Ghaillimh. I rith 2007, choinnigh CFI súil ar dhul chun cinn na dtionscadal seo agus choinnigh sé teagmháil leis na páirtithe leasmhara chun aird a tharraingt ar dheacrachtaí agus ar thosaíochtaí bóithre; leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2008.



Iarnróid

Thosaigh an obair ar an gcéad chéim de Bhealach Iarnróid an Iarthair ó Inis go Baile Átha an Rí in 2007. Bhí comhdháil ag CFI i gcomhar le West on Track, Western Rail Corridor: Promoting Regional Balance i gClár Chlainne Mhuiris in Aibreán 2007. Bhí aoichainteoirí an-mhaith ag an gcomhdháil agus bhí breis agus 200 duine i láthair. Rinne cainteoirí ó Iarnród Éireann agus ón Roinn Iompair cur síos ar chur i bhfeidhm na seirbhísí agus ar infheistíocht sa réigiún. Léirigh ionadaithe ó thionscal agus ó thurasóireacht buntáistí féideartha na conaire don réigiún. Labhair cainteoirí eile ar an timpeallacht, an tábhacht atá le modhanna iompair a chomhtháthú, samplaí de dheachleachtas idirnáisiúnta agus an fhéidearthacht a bhaineann le lasta iarnróid.



Rochtain Aer Idirnáisiúnta

Tá rochtain aer riachtanach don gheilleagar nua-aimseartha eolasbhunaithe agus tugann seirbhísí maíthe aer don lathar deis iomaíochta ar infheistíocht agus turasóireacht.

Mar gheall ar an maoiniú a dhéantar ar aerfoirt réigiúnacha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, go háirithe an €27 milliún a thug an Rialtas i maoiniú caipitil d'Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire, feictear go bhfuil ag éirí leis an aerfort, go bhfuil ról aige i bhforbairt réigiúnach agus go bhféadfadh sé fás amach anseo.

Tá díomá ar CFI gur cuireadh deireadh leis na heitiltí idir an tSionainn agus Heathrow – nasc tábhachtach don turasóireacht agus do ghnó d'iarthar an réigiúin, á nascadh le Londain agus le háiteanna eile as sin. Leis na heitiltí nua idir an tSionainn agus Páras go luath in 2008 ba chóir go mbeadh deiseanna idirnáisiúnta níos fearr ar fáil don réigiún.



BONNEAGAR FUINNIMH

In 2007, lean CFI ar aghaidh ag cur béime ar thábhacht bhonneagar agus soláthar fuinnimh ar ardchaighdeán chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus chun fiontair fuinnimh inathnuaite a fhorbairt san Iarthar.

Gás

Cuireann CFI tábhacht ar ghás nádúrtha d'fhorbairt réigiúnach, agus lean sé ar aghaidh ag obair ar bheartas do cheangal gáis i mbailte in 2007. Cuireadh béim ar leith ar na bailte nach mbeadh i dteideal ceangal le gás nádúrtha faoi bheartais reatha.

Tá tuarascáil curtha le chéile ag CFI "Gas for Ineligible Towns" ina scrúdaítear an tábhacht atá le gás nádúrtha mar bhonneagar a theastaíonn chun forbairt réigiúnach a spreagadh. Tá samplaí idirnáisiúnta le fáil sa tuarascáil seo ar ghreille an gháis nádúrtha atá méadaithe chun forbairt réigiúnach a spreagadh, chomh maith le scrúdú ar na roghanna beartais chun tacú leis an infheistíocht bhonneagair i mbailte nach bhfuil i dteideal gás nádúrtha faoin mbeartas a

bhunaigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER).

Tá comparáid ar chostais na mbreoslaí éagsúla in áitribh thráchtála agus sa bhaile coimisiúnaithe. De réir na hanailíse seo, is fearr gás nádúrtha agus adhmaid.

Cuireadh na tuarascálacha seo faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag cruinniú i nDeireadh Fómhair. Tá cóipeanna le fáil anseo www.wdc.ie.



Leictreachas

Ar feadh na bliana, chuir CFI béim ar an mbonneagar leictreachais agus ceisteanna rialúcháin a bhaineann leis an Iarthar. Teastaíonn bonneagar iontaoifa leictreachais atá in ann freastal ar an éileamh reatha agus nua chun go bhforbróidh an réigiún, agus chun go gcoinneofar agus go meallfar fiontair, agus chun go dtarchuirfear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite chun freastal ar an éileamh.

I mí na Samhna 2007, sheol CFI a fhreagra ar dhréachtphlean Forbairt Tarchuir 2007-2011 de chuid Eirgrid. Tá cóip den aighneacht seo le fáil anseo www.wdc.ie.

Bonneagar Teileachumarsáide

In 2007, lean CFI ag tarraingt airde ar cheisteanna leathanbhanda. Cé go raibh andul chun cinn i rith na bliana, tá an tír seo ar chúl i gcomparáid le tíortha eile ó thaobh úsáid agus luas an leathanbhanda. Léiríonn sonraí ó Dhaonáireamh 2006 an éagsúlacht dhigiteach idir Réigiún an Iarthair agus ceantair mhóra uirbeacha. Chuir CFI fáilte roimh Scéim nua Náisiúnta Leathanbhanda i mBealtaine ach níl sé sásta fós an bhféadfadh scéim den chineál sin leathanbhanda a

sholáthar ar luas agus ar chaighdeán sách ard chun iomaíocht an réigiúin a chinntiú. Tá CFI ag obair i gcónaí ar an leathanbhanda trí bheith ar Ghrúpa Stiúrtha Leathanbhanda Forfás agus a bheith i láthair ag cruinnithe le hAirí agus lucht déanta beartais.



Fiontar Tuaithe

Den chuid is mó, is ceantair thuaithe atá san lathar agus 77% den daonra ina gcónaí taobh amuigh de na ceantair thairseacha agus ionaid lárnacha. Is beag atá ar eolas, áfach, faoi gheilleagar na tuaithe taobh amuigh d'fheirmeacha ná faoi na fiontair thuaithe a chuireann leis.

Chun na ceisteanna seo a scagadh, choimisiúnaigh CFI deich gcás-staidéar ar fhiontair thuaithe in earnálacha éagsúla i gcontaetha an lathair, mar aon le taighde ar chúlra na bhfiontar seo agus beartais chuí. Seoladh an tuarascáil, *Rural Businesses at Work: Case Studies of Rural Enterprises in the Western Region*, i mí Iúil 2007.


Tugann na cás-staidéir léargas ar fhiontair éagsúla i gceantair thuaithe, ó ghnó miondíola agus ceirdeanna go seirbhísí idirnáisiúnta agus déantúsaíocht ardteicneolaíochta.

Tugann sé léargas ar na gnéithe dearfacha, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le gnó i gceantar tuaithe. Léiríonn forbairt fiontar i gceantair thuaithe an nasc, go hiondúil, idir an t-úinéir agus a (h)áit dúchais. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, daoine óga a choinneáil nó a mhealladh chuig ceantair thuaithe chun a chinntiú go mbunófar fiontair nua sna ceantair sin.

Maidir le fiontraíthe áirithe faoin tuath, braitheann cuid acu scoite amach agus ní hé an nasc céanna a bhíonn idir fiontair thuaithe agus gnónna eile nó institiúidí ardoideachais. Is léir go dteastaíonn bonneagar iompair níos fearr, agus go háirithe naisc ar bhóithre taobh amuigh de na bailte móra.

Tá tábhacht le bonneagar teileachumarsáide chun nach mbraithfidh soláthróirí ná custaiméirí scoite amach óna chéile, agus caithfear déileáil leis an droch-chaighdeán de bhonneagar leathanbhanda faoin tuath go práinneach.

Tá an tuarascáil, mar aon le cáipéis a chuireann síos ar na cás-staidéir, le fáil anseo www.wdc.ie.



Meon i leith an Iarthair

Ag deireadh 2007, choimisiúnaigh CFI pobalbhreith chun na meonta reatha i leith fhorbairt an Iarthair a bhailiú. Cheistigh an phobalbhreith, a rinne RED C, 400 duine i gcontaetha an Iarthair agus 400 san Oirthear (Baile Átha Cliath, Cill Dara, An Mhí agus Cill Mhantáin).

Léiríodh sna torthaí go dtaitneodh le 36% de na daoine ina gcónaí san Oirthear a bheith ina gcónaí san Iarthar, agus dúirt 41% de na daoine faoi 35 bliain d'aois amhlaidh. Ceann de na rudaí is mó a mheallfadh chuig an Iarthar iad 'an caighdeán saoil níos fearr i gcomparáid le Baile Átha Cliath', sin a dúirt 54% de na daoine san Oirthear agus 75% de na daoine san Iarthar.

Creideann 42% de na daoine san Oirthear agus 46% de na daoine san Iarthar go bhfuil an bhearna eacnamúil idir an tOirthear agus an Iarthar méadaithe le cúig bliana anuas. Creideann suas le 70% chomh maith go bhfuil deiseanna fostaíochta níos measa san Iarthar ná mar atá i mBaile Átha Cliath. Ciallaíonn sé sin, cé go bhfuil líon na bpost méadaithe, ardleibhéal infheistíochta agus feabhas ar an mbonneagar, tá an meon fós ann go bhfuil an Iarthar ar chúl i gcomparáid leis an Oirthear. Léiríonn an phobalbhreith chomh maith go bhfuil athrú mór tagtha ar chleachtais oibre. Deir 41% san Iarthar agus 43% san Oirthear gur féidir oibriú go cianda. Cuidíonn na torthaí seo le hobair bheartais CFI, chomh maith leis an bhfeachtas LookWest.ie.



RANNÁN 2



CUR CHUN CINN AN RÉIGIÚIN

Sprioc 2: Na buntáistí a bhaineann le bheith ag cónaí, ag obair agus ag déanamh do ghnó san Iarthar a chur chun cinn.



Ms. Gillian Buckley, Príomhfheidmeannach (WDC), an tUasal, Tony Kileen T.D., An tAire Comhshool, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus Micheál Ó Fearail, Cathaoirleach (WDC).

In 2007, léirigh feachta LookWest.ie an-fhorás maidir leis an Iarthar a chur chun cinn mar áit rathúil do dhaoine agus do ghnónna. Tá an tsuim i bhfeachtas LookWest.ie méadaithe go mór agus léiríonn taighde go bhfuil méadú 50% tagtha ar líon na ndaoine atá ag iarraidh bogadh go dtí an réigiún.


I measc éachtaí 2007 tá:


- Méadú 50% ar líon na gcuairteoirí ar LookWest.ie in 2007. Logáil 131,000 duine ar an láithreán gréasáin.
- D'fhreastail 500 duine, agus rinne 40 cuideachta agus eagraíocht taispeántas ag an Jobs and Enterprise Expo de chuid LookWest.ie an 20 Meán Fómhair i mBaile Átha Cliath.
- Méadú ó 6% go 9% i líon na ndaoine a bhfuil an-suim acu bogadh as Baile Átha Cliath agus Laighean go dtí an Iarthar de réir an tsuirbhé. Bunaithe ar dhaoine an cheantair sa suirbhé léiríonn sé seo 171,000 duine a bhfuil an-suim acu bogadh go dtí an Iarthar.
- Maidir le tionchar an fheachtais, léiríonn taighde RED C gur mhaith le breis agus aon trian (36%) de na daoine ina gcónaí i mBaile Átha Cliath, Cill Dara, An Mhí agus Cill Mhantáin a bheith ina gcónaí san Iarthar.
- Tá 2700 duine cláraithe ar Chlár na Scileanna agus suim ag cuid mhaith acu seo bogadh go dtí an Iarthar nó gnó a bhunú.

In 2007, bhí feachtas fógraíochta LookWest.ie ar siúl i Meitheamh agus arís i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair. Díríodh ar Éireannaigh thar lear trí fhoilseacháin d'eisimircigh agus fógraí ar láithreáin ghréasáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireadh tús leis an bhfeachtas ag tús Mheitheamh 2007 agus bhí an líon is mó fós cuairteoirí ar an láithreán an mhí sin – logáil breis agus 16,000 duine isteach.

Mar gheall ar an bhfócas nua ar fhiontair, chuir feachtas LookWest.ie bróisiúr an-deas le chéile chun an réigiún a chur chun cinn mar shuíomh do ghnónna nua agus do ghnónna atá ag iarraidh méadú. D'éirigh go maith leis an tionscnamh seo agus chuidigh sé le comhpháirtithe sna húdarais áitiúla, an IDA, Enterprise Ireland, Údarás na Gaeltachta agus páirtithe leasmhara eile. Ag an am céanna, feabhsaíodh rannán gnó www.lookwest.ie agus cuireadh eolas breise leis chun go bhfaigheadh fiontraithe agus úinéirí gnó an t-eolas agus na teagmhálaithe a theastaíonn chun fiontar a bhunú san Iarthar. I gcomhar

leis na húdarais Áitiúla sa réigiún, tabharfaidh feachtas LookWest.ie tús áite d'fhiontair a mhealladh i bhfeachtas 2008. Tá cóip den bhróisiúr "Enterprising people Enterprising place" le fáil ar www.wdc.ie





RANNÁN 3



FORBAIRT TUAITHE

FORBAIRT TUAITHE

Sprioc 3: Tacú le forbairt inmharthana eacnamaíoch agus shóisialta ar an ngeilleagar tuaithe.



TURASÓIREACHT

Tá féidearthacht mhór ag baint leis an Turasóireacht Tuaithe don lathar. Tá sé lárnach in obair CFI agus lean sé seo ar aghaidh in 2007 trí na tionscnaimh seo a leanas:

An Bosca Glas

Tá ról lárnach ag CFI sa Bhosca Glas ó bunaíodh é faoi Chlár Thurasóireacht Forbartha an lathair (CTFI). In 2007, chuir an Bosca Glas a áit mar phríomháit éiceathurasóireachta na hÉireann chun cinn trí mhargaíocht ghréasáin agus poiblíocht anseo agus thar lear. Faoi gClár Caighdeáin agus Deimhniúchain, tá Éicilipéad ag an mBosca Glas chun caighdeán timpeallachta agus caomhnaithe na dtáirgí turasóireachta a dheimhniú. Úsáideann an lipéad saineolas agus dea-chleachtas as ar fud an cruinne agus tá sé deimhnithe ag painéal neamhspleách measúnóirí. In 2007, bhuaigh an Bosca Glas roinnt duaiseanna agus chuaigh chomh fada leis an gcrabhadh den Ghradam Idirnáisiúnta 'Tourism for Tomorrow', sa chatagóir chéanna le Stát Vermont, Ceanada agus an Mhórscéir Bhacainneach san Astráil.

Chomh maith le páirt iomlán a ghlacadh i bpleanáil straitéiseach an Bhosca Ghlais, tá CFI ag cuidiú le céad chomhdháil éiceathurasóireachta na hÉireann a eagrú in Eanáir 2008. Léireoidh sé seo an tiomantas don éiceathurasóireacht idir bhia orgánach, thurasóireacht agus fhuinneamh inathnuaite. Le tuilleadh eolais a fháil ar an mBosca Glas, téigh chuig www.greenbox.ie

Clár Thurasóireacht Forbartha an Iarthair (CTFI)

In 2007, tháinig críoch mar a bhí pleanáilte le Clár Turasóireachta Forbartha an Iarthair (CTFI), a raibh CFI mar rannpháirtí straitéiseach ann, agus bhí tionchar an-dearfach aige seo ar an réigiún. Thug an clár píolótach seo páirtithe leasmhara le chéile chun gníomhaíocht gníomhaireachta a chomhordú agus chun tionscadail turasóireacht tuaithe phíolótacha nuálacha a fhorbairt. Rinne TTC International measúnú ar an gClár agus ghlac gníomhaireachtaí cosúil le Fáilte Ireland, Fáilte Ireland West agus LEADER le tionscadail píolótacha CTFI.



FUINNEAMH INATHNUAITE

Tá CFI fós ag obair ar fhorbairt inmhathana an fhuinnimh inathnuaite san Iarthar ní hamháin don ghluin reatha ach do na glúinte le teacht. Rinneadh an-dul chun cinn in 2007 i gcomhar le comhpháirtithe gnó agus réigiúnacha, maidir le réimsí nuálacha a aithint ina bhféadfaí fuinneamh inathnuaite agus níos glaine a úsáid.



Tionscadal Forbartha an Fhuinnimh Adhmaid

Chuir CFI tús le clár réigiúnach i gcomhar le comhpháirtithe poiblí agus príobhaideacha chun béim a chur ar 40% de thalamh foraoiseach na tíre a bheith san Iarthar. Bunaíodh Grúpa Comhairleach an Fhuinnimh Adhmaid chun forbairt an tionscadail seo a threorú. (Féach Foscáirbhinn 3 do bhaill)

Tháinig deireadh leis an gcéad chéim de Thionscadal Forbartha an Fhuinnimh Adhmaid CFI i Feabhra 2007 nuair a cuireadh an tuarascáil taighde Wood Energy Development in the Western Region i gcrích. Tugann an taighde seo bunolas ar acmhainn breosla adhmaid an réigiúin, na deiseanna margaidh agus na bacainní ar an bhforbairt. De réir na tuarascála tá go leor deiseanna forbartha sa réigiún agus moltar straitéis a bhunú chun na deiseanna seo a thapú. Thacaigh Sustainable Energy Ireland leis an straitéis faoin gClár Úsáid Teas Inathnuaite.


I mBealtaine 2007, cheap CFI sainchomhairleoirí chun straitéis fuinneamh adhmaid agus plean gníomhaíochta a chur le chéile; is é seo an dara céim den tionscadal. Is é aidhm na straitéise tacú leis an bhfás margaidh agus a chinntiú go mbaintear an leas is fearr as aon bhuntáistí eacnamaíola i bhfuinneamh adhmaid an réigiúin. Leagtar amach go soiléir sa straitéis forbairt na hearnála sa réigiún. Tá sé bunaithe ar chomhairliúchán agus déantar é faoi threoir CFI agus Ghrúpa Comhairleach an Fhuinnimh Adhmaid.

Moltar sa straitéis sprioc réigiúnach 477MW fuinneamh teas a ghiniúint faoi 2020 agus tá an plean gníomhaíochta trí bliana leagtha amach chun an sprioc seo a bhaint amach. Is ionann an sprioc agus cumhacht do bhreis agus 450,000 teach. Tá staidéar déanta ag CFI ar thionchar eacnamaíoch na straitéise agus is iad na torthaí:

- Mhéadódh Oll-luach Breise (GVA) sa Bhliain i réigiún an Iarthair €15 milliún faoi 2020.
- Chruthófaí 887 Post Lánaimseartha faoi 2020.
- Úsáidfear 472,000 tona adhmaid den earnáil feirmeoireachta ar luach €1.7 milliún sa bhliain.

- Sábhálfar 619,000 tona CO₂ sa bhliain faoi 2020 (Sin coigilt €6.9m in 2020 dá mbeadh luach €15 an tona ar charbón. Sin ionann agus 147,000 gluaisteán a thógáil den bhóthar ar feadh bliana). Cuireadh an straitéis i gcrích i mí na Nollag.

Tosóidh an tríú céim den tionscadal – an plean gníomhaíochta a chur ar fáil – in 2008 agus braithfidh an tionchar ar an leibhéal airgeadais ar fáil chun an tionscadal a chur i bhfeidhm mar is ceart. Is féidir cóip de Wood Energy Development in the Western Region and Economic Impact Assessment a íoslódáil anseo www.wdc.ie/publications_reports.html



Múnla na hÚinéireachta Pobail

Teastaíonn tacaíocht ón bpobal áitiúil chun go n-éireoidh le fuinneamh inathnuaite mar fhoinsé fuinnimh agus chun spriocanna an Rialtais a bhaint amach. Léirítear sa tuarascáil *To Catch the Wind* (2004) de chuid na Comhpháirtíochta ar Fhuinneamh Inathnuaite, go dteastaíonn páirt níos mó ón bpobal san earnáil chun imní faoi thionchar na dtionscadal ar an tírdhreach agus ar shlí maireachtála an phobail a sháru, agus chun a chinntiú go mbainfidh pobail sochar as tionscadail agus go bhfuil siad tiomanta dóibh. Moltar múnla na húinéireachta poiblí sa tuarascáil seo chun go mbeidh baint dhíreach ag an bpobal le fuinneamh inathnuaite. Sampla de seo is ea Feirm Ghaoithe Phobal Chill Ala, comhpháirtíocht idir forbróir áitiúil príobháideach agus grúpa pobail i gCill Ala, Co. Mhaigh Eo, a tháinig le chéile chun tús a chur le tionscadal fuinneamh inathnuaite ina mbeadh infheistíocht dhíreach ag an bpobal, mar a moladh in *To Catch the Wind*.

Is iad an dá chomhpháirtí Feirm Ghaoithe Phobal Chill Ala (KCWF) agus Comhairle Phobal Chill Ala (KCC). Is é KCWF an príomhfhorbróir den fheirm gaoithe 23 MW i dtuaisceart Mhaigh Eo – ghinfeadh sé cumhacht do bheagnach 22,000 teach. Is é KCC an chuideachta áitiúil forbartha atá ag iarraidh go mbeidh páirt ag an bpobal san fheirm ghaoithe. Tá sé i gceist ag na comhpháirtithe meán infheistíochta don phobal a bhunú ionas go mbeidh a mhéid daoine agus is féidir sa phobal in ann infheistiú san fheirm ghaoithe. Tá an chéim féidearthachta curtha i gcrích ag an tionscadal píolótach seo, agus cuireadh iarratas ar phleanáil chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo i samhradh 2007. Gníomhaigh CFI mar éascaitheoir ar an tionscadal don chéim féidearthachta, agus thacaigh sé le páirt KCC sa chéim. Thug CFI agus Sustainable Energy Ireland tacaíocht airgeadais don ghrúpa pobail. Tá treoir a leagann síos céimeanna KCC agus KCWF agus na ceachtanna a foghlaimíodh foilsithe anois. Tabharfaidh sé seo treoir do phobail eile ar mian leo infheistiú i bhfuinneamh inathnuaite nó é a bhunú agus tugann sé léargas ar na riachtanais chun páirt an phobail a spreagadh agus infheistiú i bhfuinneamh inathnuaite.

Tá cóip den treoir le híoslódáil anseo www.wdc.ie

AGRABHIA ORGÁNACH

In 2007, lean CFI ar aghaidh mar ionadaí ar an réigiún i bhforbairt náisiúnta na hearnála seo trína pháirt ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta Orgánach agus trí chlár thurasóireachta cosúil leis an mBosca Glas.


Chuir CFI aighneacht chuig an Roinn Talmhaíochta agus Bia chomh maith maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin ar Phlean Gníomhaíochta Meántréimhseach don Earnáil Orgánach.



Sa réigiún féin, thacaigh CFI le comhpháirtithe réigiúnacha athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar an earnáil orgánach. Tugtar treoir san athbhreithniú ar riachtanais forbartha amach anseo agus leagtar béim ar na deiseanna don chomhordú réigiúnach tacú le forbairt. www.wdc.ie/publications_reports.html

I Meitheamh 2007, sheol Atlantic Organics Teoranta (www.atlanticorganics.com) 'Rossinver-Grass Root Organics' (www.rossinverorganics.com) mar bhranda nua bia orgánach, agus tá coirce orgánacha agus anlann goinbhlasta trátaí orgánach le fáil i siopaí speisialta ar fud na tíre. Nuair a cuireadh conradh thionscadal Atlantic Organic maoinithe ag INTERREG i gcrích, tháinig an North West Organic Co-operative i gceannas ar bhranda Rossinver.

RANNÁN 4



CISTE INFHEISTÍOCHAT CFI

CISTE INFHEISTÍOCHTA CFI

Sprioc 4: Caipiteal riosca a thabhairt d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus Shóisialta.



Is soláthraí caipiteal riosca do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, d'fhiontair phobail agus tionscadail straitéiseacha i Réigiún an Iarthair atá i gCiste Infheistíochta CFI. Ta déchuspóirí aige – brabach a dhéanamh ar a chuid infheistíochtaí agus díbhinn shóisialta a bhaint amach don réigiún. Oibríonn an Ciste go dlúth lena chliaint, ag tacú leo ar bhonn fadtéarmach agus ag cuidiú leo a gcuid spriocanna fáis a bhaint amach. Le punann infheistíochtaí atá ag dul i méid, taispeánann an Ciste don earnáil príobháideach inmharthanacht infheistíochtaí bunaithe san Iarthar. Sa bhliain 2007, d'eisíoc Ciste Infheistíochta CFI €6.2 milliún san iomlán agus cheadaigh sé €9 milliún. Go dtí seo, d'infheistigh Ciste Infheistíochta CFI beagnach €27 milliún i 75 tionscadal sa réigiún.

Tá dhá fho-chiste ag an gCiste Infheistíochta:

- Ciste Infheistíochta Gnó: a mhaoineann gnóthais bheaga agus mheánmhéide eolasbhunaithe ardacmhainneacha.
- Ciste Infheistíochta Áitiúil: a thacaíonn le fiontair phobalbhunaithe gan beann ar bhrabús.

Sa bhliain 2007, bhí Painéal deonach Comhairleach (FAP) a thacaigh leis an gCiste Infheistíochta agus a chuireann comhairle ar an gCoimisiún maidir le cinntí infheistíochta. (Féach Foscáirbhinn 3 i gcomhair bhallraíocht an Phainéil Comhairligh Ciste.) Le tuilleadh eolais a fháil ar Chiste Infheistíochta CFI féach <http://www.wdc.ie/wif.html>. Gné shuntasach den bhliain seo gur infheistíodh leath den airgead sna hEolaíochtaí Beatha – tá cáil idirnáisiúnta ar Iarthar na hÉireann mar Ionad Barr Feabhais sna hEolaíochtaí Beatha.

Infheistíodh 20% eile i dTeicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), rud a léiríonn go bhfuil tionscadail i ngeilleagar an eolais sa réigiún. Infheistíodh breis agus 25% den chiste i mbonneagar eacnamaíoch agus sóisialta in 2007. Faoi láthair, tá 209 duine fostaithe i 17 bhfiontar ata maoinithe ag CFI in 2007. D'fhéadfadh na fiontair seo go leor post eile a chruthú sna blianta le teacht de réir mar a fhorbróidh siad. In 2007, eisíocadh 71% le cuideachtaí ardteicneolaíochta a chuireann poist ardsceileanna ardchaighdeán ar fáil. Chomh maith leis sin, tacaíodh le dhá phríomhréimse eacnamaíochta – spás fiontraíochta agus fuinneamh inathnuaite. San iomlán cuireadh €45.6 milliún d'infheistíocht bhreise sa réigiún le gairí tríd na tionscadail tacaíthe ag Ciste Infheistíochta CFI. Ciallaíonn sé seo gur cuireadh €7.37 isteach sa réigiún do gach €1 a d'infheistigh CFI. Buaicphointe do Chiste Infheistíochta CFI in 2007 nuair a athinfheistíodh airgead a cuireadh isteach sa Chiste arís.

RANNÁN 5



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Sprioc 5: Coimisiún Forbartha an Iarthair a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.



Mar chuid lárnach de na spriocanna straitéiseacha tá sé mar aidhm ag CFI eagraíocht éifeachtach a rith de réir riachtanais reachtaíochta chomh maith le nuachóiriú na hearnála poiblí agus dea-chleachtas trí chloí leis an méid seo a leanas:

Rialachas Corparáideach

Mar chuid den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cheadaigh an Bord nósanna imeachta airgeadais agus soláthair don CFI in 2007.

Acmhainní Daonna

Trí pháirt ghníomhach Choiste Comhpháirtíochta CFI, lean an eagraíocht ar aghaidh lena tiomantas don chlár nuachóirithe. D'aontaigh an Coiste an dara tuarascáil maidir le dul chun cinn "I dTreo 2016".

Cúram Custaiméirí

Tá CFI tiomanta le seirbhís ghairmiúil, éifeachtach agus dhea-mhúinte a chur ar fáil, de réir Chairt Chustaiméirí CFI agus Phrionsabail Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí CFI mar atá ceadaithe ag an Rialtas.

Nuashonraigh CFI a láithreán gréasáin www.wdc.ie go rialta in 2007 leis an eolas is deireanaí a thabhairt dá chustaiméirí trí phreasráitis, foilseacháin, aighneachtaí agus fógraí earcaíochta a chur ar www.wdc.ie. Níor tuairiscíodh aon ghearán ó chustaiméirí in 2007.

Bainistíocht Airgeadais

Sa bhliain 2007, nuashonraigh CFI a Chóras Bainistíochta Airgeadais inmheánach agus cuireadh i bhfeidhm é in Eanáir 2008. Leis an gCóras nua Bainistíochta Airgeadais tá CFI in ann próiseas tuairiscithe airgeadais agus buiséadaithe a fheidhmiú chomh maith le deachleachtas a úsáid faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003

Ní dhearnadh aon iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2007.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 & 2003

Rinneadh fiosrúchán amháin ar CFI faoin Acht um Chosaint Sonraí in 2007.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), ghlac CFI le Scéim Teanga CFI 2007-2010. Tá an scéim le fáil i mBéarla agus i nGaeilge anseo www.wdc.ie.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar Chomhlíonadh CFI leis an gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit in 2007

1. Cód Iompar Gnó do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe CFI

Tá cóid iompar ghnó do stiúrthóirí agus d'fhostaithe curtha ar bun, sínithe ag na comhpháirtithe ábhartha agus comhlíonta sa bhliain 2007.

2. Aidhm Iniúchta Inmheánaigh

Daingním go bhfuil na nósanna imeachta uile le haghaidh iniúchta inmheánaigh, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais, comhlíonta ag CFI sa bhliain 2007. Rinneadh an obair seo a leanas maidir le hiniúchadh inmheánach:

(i) **Iniúchadh Inmheánach:** Chuir an tIniúcháir Inmheánach Clár Oibre d'Iniúchadh Inmheánach 2007 i gcrích.

(ii) **Coiste Iniúcháireachta CFI:** Bhí cúig chruinniú ag Coiste Iniúcháireachta CFI le linn na bliana 2007 agus thug siad tuairisc ar a ngníomhaireacht do CFI.

(iii) **Iniúchtaí CFI:** Rinneadh iniúchadh airgeadais iomlán maidir le ráitis airgeadais CFI 2006 leis an Ard-Reachtaire agus leis an Ard-Iniúcháir (Iniúcháirí Seachtracha) sa bhliain 2007.

3. Soláthar

Sa bhliain 2007 chomhlíon CFI na nósanna imeachta ábhartha ina n-iomláine mar atá leagtha amach i dTreoirínte Soláthair CFI agus i dTreoirínte Soláthair an Rialtais 2004.

4. Diúscairt Sócmhainní agus Fáil ar Shócmhainní ag Tríú Páirtithe

Ní raibh diúscairt sócmhainní ar bith ann thar an tairseach comhaontaithe ag CFI sa bhliain 2007.

5. Treoirínte ar Bhreithmheas agus ar Bhainistíocht Caiteachais Caipitiúil

Ní bhaineann na treoirínte seo le CFI

6. Pá do Phríomhfheidhmeannaigh agus d'Fhostaithe Comhlachtaí Stáit
Chloígh CFI le treoirínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus fostaíthe sa bhliain 2007.

7. Íocaíocht Táillí na Stiúrthóirí agus Costais

Chloígh CFI le treoirínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le híocaíocht táillí na Stiúrthóirí sa bhliain 2007. Tugtar sonraí na dtáillí seo agus costais chomhiomlána sna cuntais bhliantúla.

8. Cuireadh tuarascáil Chathaoirligh ar leith isteach don Aire le Tuarascáil Bhliantúil 2007.

9. Daingním gur chomhlíon CFI ina iomláine na rialacha cánacha agus na dualgais chánacha sa bhliain 2007 agus nach raibh saincheistanna ar bith tuairiscithe.


Sínithe



Dáta

31/1/2008

Cathaoirleach CFI



FOSCRÍBHINN I

Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair 2007

Cathaoirleach

Míchéal Ó Fearail

Baill

Mary Bohan
Mary Devine O'Callaghan
Tish Gibbons*
Pat Gilmore
Billy Grimes
Greg Jackson
Des Mahon
Martina Minogue
Pádraig Ó Caomhánaigh
Ray O'Donoghue
Katie Sweeney
Mary Hoade**

*Ar scor i nDeireadh Fómhair 2007

**Ceaptha i Samhain 2007

Coiste Iniúchóireachta

Cathaoirleach

Martina Minogue

Baill

Mary Devine O'Callaghan
Greg Jackson
Míchéal Ó Fearail
Ray O'Donoghue

FOSCRÍBHINN 2

Painéal Comhairleach Ciste

Cathaoirleach

Míchéal Ó Fearail

Baill

John Dillon
Judy Greene
Seán Hannick
John MacNamara
Martina Minogue
Willie O'Brien*
Ray O'Donoghue
Katie Sweeney
Colm MacFhionnlaoich**

*ar scor Meán Fómhair 2007

** ceaptha Meán Fómhair 2007

FOSCRÍBHINN 3

Painéil Chomhairleacha Eile

Baill Ghrúpa Comhairleach Réigiúnach an Fhuinnimh Ad

Pearse Buckley
Barry Caslin
Dorin Graham
Frank Conlon
Peter Keavney
Dr. Billy Fitzgerald
Kathleen Stack
Richard Browne
Philip Carr
Christine Hutton
Hugo McCormick
Paula Keelagher
Michael Heaney

Baill Chomhairleacha an Mheasúnaithe Tionscadail

David Croughan
An tOll. John Fitzgerald
Kathleen Stack
Maria Ginnity
An tUasal Niall Cussen
An tOll. Michael Kane

FOSCRÍBHINN 4




2007 Punann Tionscadail

Tionscadal	Contae	Infheistíocht	Cur síos
Stamford Devices Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €750,000	Cuideachta feiste leighis speisialta a chruthaíonn feistí ar ardchaighdeán do neamhoird riospráide.
Cambus Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €500,000	Soláthróir domhanda micrea-chomhpháirteanna teicneolaíochta a úsáidtear i bhfeistí máinliachta nach bhfuil ró-ionrach.
Crospon Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €490,000	Déanann feistí máinliachta nach bhfuil ró-ionrach do mhonatóireacht, diagnóis agus teiripe inchríneolaíochta agus gaistrentreolaíochta.
FMC Technologies Teo.	An Clár	Gnáthscaireanna €100,000	Forbairt agus margaíocht ar chóras bainistíochta líonra d'fhearaí leictreacha.
Instinct Technology	Dún na nGall	Gnáthscaireanna €250,000	Forbairt ardán innill rindeála 3T don tionscal cluichí.
Keywater Fisheries Teo.	Ros Comáin	Iasacht €70,000	Éisc phéirse a fhás, ón ubh go héisc don mhargadh, le díol ar mhargadh na hEorpa.
Maisiú Urlár Teo.	Dún na nGall	Iasacht €100,000	Urláir mhaiseacha gearrtha le léasar
Airoshin Wind Energy Teo.	Dún na nGall	Iasacht €1,000,000	Feirm Gaoithe 11.9 MW sna Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall.
Meiticheol Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €200,000	Forbairt bogearraí chumadóir fuaimrianta físiomáinte
Neutekbio Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €250,000	Cuideachta biteicneolaíochta a dhíolann measúnachtaí bitheolaíochta agus trealamh tástála úsáideach sa leigheas diagnóiseach agus cliniciúil.
Nooked Teo.	Sligeach	Gnáthscaireanna €100,000	Cuideachta Web 2.0 a thairgeann seirbhísí margaíochta ar líne cosúil le RSS agus margaíocht giuirléidí.
Proxy Biomedical Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €299,901	Ionchlannáin fíocháin bhoga a fhorbairt agus a dhéanamh trí theicneolaíocht bhithleighis dílsithe.

FOSCRÍBHINN 4

2007 Punann Tionscadail

Tionscadal	Contae	Infheistíocht	Cur síos
Vysera Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €650,000	Cuideachta feiste leighis a dhéanann táirgí do mhargadh na bhfeistí leighis gastraistéigeacha.
Zerusa Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €175,000	Feistí leighis nach bhfuil ró-ionrach a dhéanann é níos sábháilte, éasca agus sciobtha don dochtúir dul chuig an gcóras soithíoch.
Xancom Teo t/f Lightstorm Teo.	Gaillimh	Gnáthscaireanna €654,955	Taighde & Forbairt, do mhargaíocht, díol fearais chomhtháite chiorcaid do mhargaí idirnáisiúnta leathsheoltóra teileachumarsáide.



RÁITIS AIRGEADAIS

CLÁR ÁBHAR

Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair	44
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin	45
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	46
Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach	48
Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta	50
Cuntas loncaim agus Caiteachais	52
Cuntas loncaim agus Caiteachais an Chiste	53
Clár Comhardaithe	54
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	55
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	56

Comhaltaí Choimisiún

Forbartha an Iarthair 2007

Cathaoirleach

Michael Farrell

Co. Shligigh

Comhaltaí

Mary Bohan

Co. Liatroma

Mary Devine O'Callaghan

Co. Ros Comáin

Tish Gibbons*

SIPTU, Co. na Gaillimhe

Pat Gilmore

Co. na Gaillimhe

Billy Grimes

Co. Dhún na nGall

Mary Hoade**

Co. na Gaillimhe

Greg Jackson

Co. Mhaigh Eo

Des Mahon

Co. Mhaigh Eo

Martina Minogue

Co. an Chláir

Pádraig Ó Caomhánaigh

Co. na Gaillimhe

Ray O'Donoghue

Co. na Gaillimhe

Katie Sweeney

Co. Mhaigh Eo

*Scoir Deireadh Fómhair 2007

**Ceapadh Samhain 2007

Baincéirí

Banc na hÉireann, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Teach an Chisteáin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Ceanglaíonn Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le comhthoiliú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil an bonn sin míchuí;
- aon difríochtaí ábhartha ó chaighdeáin infheidhme chuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntas chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn aon tráth, staid airgeadais an Choimisiúin agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a shlánchoimeád agus as bearta réasúnacha a ghlacadh d'fhonn cosc a chur le calaois agus le mírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Cathaoirleach



Michael Farrell

Príomhfheidhmeannach



Gillian Buckley

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Choimisiún an Iarthair, 1998.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas loncaim agus Caiteachais, Cuntas loncaim agus Caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Choimisiúin agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Choimisiún an Iarthair, 1998 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Coimisiún na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta Chomhaltaí an Choimisiúin leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Choimisiúin.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teach tar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhiráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis


I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iníúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúchadh a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sasúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais soar ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Choimisiúin ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCoimisiún. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

11 Lúnasa 2008

Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

- 1 Thar ceann bhord Choimisiún Forbartha an Iarthair admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach.
- 2 Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán a thabhairt, go slánchoimeádtar sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go gcosctar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbrathfaí iad i dtreimhse thráthúil.
- 3 Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn rialú airgeadais inmheánach a sholáthar:
 - i) Tá bearta glactha ag an mbord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm:
 - trí struchtúr eagraíochtúil atá mínithe go soiléir a bhunú;
 - le línte freagrachta sainithe; teorainneacha údaráis; scaradh dualgas agus údarás tarmligthe; trí chóras de nósanna imeachta airgeadais atá doiciméadaithe go soiléir a bhunú;
 - trí mheicníochtaí tuairiscithe don lucht Bainistíochta, don Choiste Iniúcháireachta agus don Chathaoirleach agus don Bhord a bhunú
 - ii) Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun fiontair ghnó a aithint agus a luacháil:
 - trí nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na bhfiontar a bheidh ag an gCoimisiún a aithint
 - trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlóidh na fiontair a aithníodh (mionmheasúnú fiontar arna dhéanamh ag iniúcháirí inmheánacha);
 - trí obair go dlúth leis an Rialtas agus áisíneachtaí ábhartha le cinntiú go dtuigtear straitéis an Choimisiúin go soiléir
 - iii) Úsáideann an Coimisiún Córas Bainistíochta Airgeadais intí a chuireann ar a chumas próiseas buiséadaithe cuimsitheach a fheidhmiú, agus a chinntiú go n-aithnítear agus go scrúdaítear agus go dtugtar aghaidh ar aon athraitheas buiséadach go pras. Ullmhaítear tuarascálacha míosúla buiséid agus caiteachais don lucht bainistíochta agus don Roinn
 - iv) Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun déileáil le himpleachtaí airgeadais mórfhiontar gnó. Áirítear orthu seo :
 - an Bord do cheadú an bhuiséid go bliantúil;
 - sraith nósanna imeachta airgeadais oibríochtúla atá sainmhínithe go soiléir;
 - nósanna imeachta infheistíochta atá sainmhínithe go soiléir agus ceadaithe ag an mbord le haghaidh fheidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair; lena n-áirítear nósanna imeachta iarinfheistíochta;
 - teorainneacha údaráithe sainmhínithe, scaradh dualgas.

Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

- v) Sa bhliain 2007 bhí na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánach:
- (a) Feidhmíocht Iniúcháireachta Inmheánach, a foinsíodh allamuigh agus a oibríodh de réir an phlean oibre iniúcháireachta inmheánach lena n-áirítear anailís riosca. Rinne an Coiste Iniúcháireachta an plan iniúcháireachta agus an anailís riosca a fhorghníú. Thuairiscigh an Fheidhmíocht Iniúcháireachta Inmheánach chun an Choiste Iniúcháireachta maidir lena hathbhreithniú caiteachais eagraíochtúil agus léirigh an tuarascáil seo
- (b) Is iad na foinsí faisnéise atá ag monatóireacht agus ag athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais:
- obair an iniúcháir inmheánaigh;
 - an coiste iniúcháireachta (a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh);
 - feidhmeannacht an Choimisiúin a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais; agus
 - tráchtadh arna dhéanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.
- 4 Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú
Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach sa bhliain 2007.

Arna shíniú ag



Cathaoirleach

Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta

1 Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas mar a leagtar amach thíos, agus de réir phrionsabal na cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta faoin choinbhinsiún costais stairiúil. Glactar Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na forais chuntasaíochta aitheanta de réir mar a dhéantar oibriúch iad.

2 Deontais Oireachtais

Tugtar cuntais sna Deontais Oireachtais ar bhonn fáiltas airgid.

3 Sócmhainní Seasta

Luaitear Sócmhainní Seasta ag a gcostas stairiúil nó a luacháil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn dronnlíneach, ag na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach measta, le linn na saolta úsáideacha ionchais.

Daingneáin agus Feistis 15%
Ríomhairí & TÉ 33%

4 Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastal na foirne. Léiríonn costais na bpinsean na sochair a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad mar ghlanchoistais ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íoctar leis an Roinn de réir chomhshocraíochtaí maoinithe an Choimisiúin. Léirítear caillteanais agus gnóchain achtúireacha de dhroim dliteanas scéime sa Mhór-Ráiteas Gnóchan agus Caillteanas Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhréireach sa mhéid is inghnóthaithe ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Léiríonn na dliteanais phinsean an luach láithreach atá ar íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhréireach le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

5 Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach an ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun críocha caipitil.

6 Ciste Infheistíochta an Iarthair

Tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tar éis tiomantas a thabhairt do chiste foriomlán €28 milliún faoin PFN 2007 - 2013. Ar an gCoimisiún do cheadú tionscadail, tarraingítear cistí anuas ón Roinn agus eisítear iasachtaí agus infheistíochtaí chuig an bhforas ábhartha.

Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta

7 Ioncam Infheistíochta

Déantar ioncam infheistíochta a thuilltear ar Chiste Infheistíochta an Iarthair a chreidiúnú don Chiste. Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn comhardaithe laghdaithe agus tugtar chuig an gcuntas loncaim & Caiteachais é thar thréimhse an chomhaontaithe. Ní fhabhraítear ús ar iasachtaí atá i riaráiste agus ní thugtar don chuntas loncaim & Caiteachais é ach amháin nuair a fhaightear é. Tugtar díbhinní ar infheistíochtaí cothromais chuig an gCuntas loncaim & Caiteachais de réir mar a fhaightear iad.

8 Infheistíochtaí Neamhluaite

Luaitear infheistíochtaí neamhluaite ag an luach cóir (sainmhínítear luach cóir mar an méid a d'fhéadfaí sócmhainn a mhalartú uirthi idir páirtithe eolacha, toilteanacha in idirbheart fad láimhe), bunaithe ar mheasúnaithe bainisteora tar éis próiseas athbhreithnithe a dhéanamh ar gach cuideachta punainne ag úsáid na gcuntas iniúchta is déanaí atá ar fáil agus cuntais bhainistíochta neasacha agus faisnéis ghnó ábhartha eile. Tá na treoirlínte a leanann CFI chun teacht ar luachálacha de réir phrionsabal luachála Chumann Caipitil Fiontair na hEorpa agus na hÉireann. I gcás gur scoir na cúiseanna le haghaidh forálacha i leith dochrú ar luach d'fheidhm a bheith leo, freaschuirtear na forálacha sin. I gcás go measann an lucht bainistíochta gur luach nialais é, luach infheistíochta mar gheall ar dhócmhainneacht nó eile, tá na hinfeistíochtaí seo díscríofa.

9 Forálacha le haghaidh Polasaí Caillteanas Iasachtaí

Déantar forálacha sainiúla le haghaidh iasachtaí nuair is é breith CFI gur mheath creidmheasacht iasachtaí gur de chineál é go bhfuil amhras tromchúiseach ann an féidir iomlán na hiasachta neamhíochta nó cuid di a ghnóthú. Is ionann méid na forála sainiúla agus an méid is gá chun luach carraeireachta na hiasachta a laghdú dá luach inréadaithe glan deiridh tuartha.

10 Gnóchain agus Caillteanais

Aithnítear gnóchain agus caillteanais réadaithe sa Chuntas loncaim agus Caiteachais nuair a réadaítear iad.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007


COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR	Notes	2007 €	2007 €	2006 €	2006 €
IONCAM					
Deontas Oireachtais	Nóta 1	5,836,586		8,241,182	
Ioncam eile		16,338			
Aistriú chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair	Lch. 8a	(3,406,400)		(6,062,500)	
Aistriú ó / (chuig) C(h)untas Caipitil	Nóta 6	(25,691)		2,913	
Glanmhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean	Nóta 8 (b)	176,155		149,682	
			2,596,988		2,331,277
CAITEACHAS					
Costais Oibriúcháin	Nóta 2		2,608,536		2,346,783
Barrachas/(Easnamh) don bhliain			(11,548)		(15,506)
Barrachas ag tús na bliana			4,856		20,362
Barrachas/(Easnamh) ag deireadh na bliana			(6,692)		4,856
MÓR-RÁITEAS NA NGNÓCHAN AGUS NA GCAILTEANAS AITHEANTA					
		2007 €		2006 €	
Barrachas/(Easnamh) don bhliain			(11,548)		(15,506)
Caillteanas / (Gnóchan) Taithí a d'éirigh as dliteanas na scéime	Nóta 8(f)		(115,000)		(125,000)
Athruithe ar thoimhdeanna			-		-
Caillteanas / (Gnóchan) achtúireach ar dhliteanas phinsean			(115,000)		(125,000)
Coigeartaithe ar mhaoiniú pinsean iarchurtha			115,000		125,000
Gnóchan / (Caillteanas) aitheanta iomlán don bhliain			(11,548)		(15,506)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad, an ráiteas polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí 1 go 11.

Michael Farrell
Cathaoirleach



Gillian Buckley
Príomhfheidhmeannach



Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007


CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR	Nóta	2007 €	2007 €	2006 €	2006 €
IONCAM					
Aistriú					
ón gCoimisiún		3,406,400		6,062,500	
Ús Tuillte		365,888		252,780	
Ioncam na Scéime Infheistíochta		183,054		15,411	
Táillí Comhshocraíochta		3,180		38,128	
			3,958,522		6,368,819
CAITEACHAS					
			0		0
Foráil le haghaidh tabhairt anuas ar Infheistíochtaí	5		(2,252,173)		(2,616,381)
Méadú/(laghdú) ar an gCiste			1,706,349		3,752,438
larmhéid an chiste ag tús na bliana			16,809,770		13,057,332
larmhéid an chiste ag deireadh na bliana			18,516,119		16,809,770

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad, an ráiteas polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí 1 go 11.

Michael Farrell
Cathaoirleach



Gillian Buckley
Príomhfheidhmeannach



Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2007


	Nóta	2007 €	2006 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	4	56,529	30,838
Sócmhainní Airgeadais	5	18,516,119	16,809,770
		<u>18,572,648</u>	<u>16,840,608</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Cuntas Reatha Bainc		141,213	113,845
Féichiúnaí arb é an méid dlite ó Réamhíocaíochtaí		-	0
Chiste Infheistíochta an Iarthair é		<u>38,160</u>	<u>11,551</u>
		179,373	125,396
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe		<u>(186,065)</u>	<u>(120,540)</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
		<u>(6,692)</u>	<u>4,856</u>
Sócmhainní Iomlán Líide Dliteanais Reatha roimh phinsin		18,565,956	16,845,464
Maoiniú Pinsean Iarchurtha		1,000,000	900,000
Dliteanais Phinsean		<u>(1,000,000)</u>	<u>(900,000)</u>
Sócmhainní Iomlán Líide Dliteanais Reatha		<u>18,565,956</u>	<u>16,845,464</u>
ARNA MAOINIÚ AG:			
Ciste Infheistíochta		18,516,119	16,809,770
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(6,692)	4,856
Cuntas Caipitil	6	56,529	30,838
		<u>18,565,956</u>	<u>16,845,464</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad, an ráiteas polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí 1 go 11.

Michael Farrell
Cathaoirleach



Gillian Buckley
Príomhfheidhmeannach



Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid ag 31 Nollaig 2007

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID AG 31 NOLLAIG 2007

Náta	2007 €	2006 €
Barrachas / (Easnamh) don bhliain	(11,548)	(15,506)
Díluacháil	23,630	16,898
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní	290	1,825
Aistriú chuig cuntas caipitil	25,691	(2,913)
(Laghdú)/Méadú ar Réamhíocaíochtaí	(3,033)	405
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe & Fabhruithe	63,306	55,742
INSREABHADH AIRGID TIRIM Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	98,336	56,451
CAIPITEAL		
Cistí chun sócmhainní seasta a fháil	(49,611)	(15,810)
GLANINSREABHADH AIRGID TIRIM	48,725	40,641

RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ IN IARMHÉIDEANNA AIRGID TIRIM

	2006	Gluaiseacht	2007
Cuntas Reatha Bainc	113,680	27,427	141,107
Mionairgead	165	(59)	106
	113,845	27,368	141,213

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad, an ráiteas polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí 1 go 11.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. IONCAM DEONTAIS	Nóta	2007 €	2006 €
Deontas Oibríochta*	2,456,155		
Lúide aisíocaíocht leis an Roinn re 2006	(25,969)	2,430,186	2,178,682
Deontas CII		3,406,400	6,062,500
		5,836,586	8,241,182
* Taispeántar an Deontas Oibríochta glan ar ranníocaíochtaí pinsin			
2. COSTAIS OIBRÍOCHTA	Nóta	2007 €	2006 €
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC fostóirí)		976,799	885,712
Taisteal agus Cothú - Foireann		101,265	89,087
Costais Phinsean	Nóta 8c	176,155	149,682
Earcú		23,252	61,511
Oiliúint & Forbairt		64,215	48,915
Caidreamh Poiblí (lena gcomhshnaidhmtear an feachtas Look West)		106,040	106,088
Táillí Gairmiúla		243,749	189,892
Táillí Gairmiúla - Ciste Infheistíochta an Iarthair		72,372	88,477
Comhaltaí Boird			
Taisteal agus Cothú		12,195	16,515
Táillí		86,333	87,500
Eile		3,124	2,879
Cruinnithe & Seimineáir		4,255	25,689
Fochoistí / Painéil Chomhairleoireachta de chuid an Bhoird			
Taisteal agus Cothú		2,760	5,770
Eile		2,022	2,189
Clódóireacht & Dearadh		62,937	44,433
Costais Oifige		51,149	55,356
Deisiúcháin agus Cothabháil		55,328	40,226
Árachas		13,480	16,375
Táille Iniúcháireachta		11,500	11,000
Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach		40,761	6,402
Fógraíocht, Margaíocht & Suibscríbhinní (lena n-áirítear an feachtas Look West)		468,591	390,339
Díluacháil		23,630	16,898
Ilnithe		6,334	4,023
Caillteanas ar Dhiúscairtí		290	1,825
		2,608,536	2,346,783

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - ar leanúint

3. ÁITRIBH

Is tionónta é Coimisiún Forbartha an Iarthair i dTeach Dillon, foirgneamh le Comhairle Contae Ros Comáin. Tá comhaontú léasa idir an Chomhairle Contae agus Oifig na nOibreacha Poiblí á thabhairt chun críche faoi láthair. Tuigtear go n-íocfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí an cíós thar ceann an Choimisiúin.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA	Nóta	2007 €	2006 €
Costas/Luacháil Ag 1 Eanáir		146,984	168,560
Breiseanna sa Bhliain		49,611	15,810
Diúscairtí		(42,205)	(37,386)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		154,390	146,984
Díluacháil Charntha		116,146	134,809
Muirear don tréimhse		23,630	16,898
Diúscairtí		(41,915)	(35,561)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		97,861	116,146
Glanluach Leabhar ag 31 Nollaig		56,529	30,838

5A. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS	Nóta	2007 €	2006 €
Infheistíochtaí Cothromais	Nóta 5b	12,575,389	10,871,340
lasachtaí	Nóta 5b	4,711,576	3,364,929
Cistí arna gceangal le haghaidh infheistíochta		90,454	636,816
Iarmhéid ar fáil le haghaidh athinfheistíochta		1,138,700	1,936,685
		18,516,119	16,809,770

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - ar leanúint

5B. IASACHTAÍ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ COTHROMAIS	2007	2006
Nóta	€	€
Costas		
Luach Tosaigh ag 1 Eanáir	18,231,689	13,742,449
Breiseáin	6,195,790	5,916,000
Diúscairtí/Aisiocaíochtaí & Díscríobh	(865,788)	(1,426,760)
Costas Deiridh ag 31 Nollaig	<u>23,561,691</u>	<u>18,231,689</u>
Forálacha le haghaidh Laghdú ar Luach		
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	3,995,453	2,316,920
Gluaiseacht san Fhoráil	2,279,273	1,678,533
	<u>6,274,726</u>	<u>3,995,453</u>
Luacháil Deiridh ag 31 Nollaig	17,286,965	14,236,236
Cothromas	12,575,389	10,871,307
Iasachtaí	4,711,576	3,364,929
	17,286,965	14,236,236

6. CUNTAS CAIPITIL	Nóta	2007	2007	2006	2006
		€	€	€	€
Iarmhéid ag 1 Eanáir			30,838		33,751
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:					
- Cistí arna leithroinnt chun Sócmhainní Seasta a Fháil	49,611			15,810	
- Caillteanas ar Dhiúscairtí	(290)			(1,825)	
- Méid amúchta de réir díluachála sócmhainne	(23,630)			(16,898)	
		<u>25,691</u>		<u>(2,913)</u>	
			<u>56,529</u>		<u>30,838</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - ar leanúint

7. CEANGALTAIS AMACH ANSEO	Nóta	2007 €	2006 €
Ceanglais Tosaigh		4,100,000	3,872,300
Formheasta		9,035,934	7,542,500
Dícheanglais		(960,144)	(1,398,800)
Eisíocaíochtaí		(6,195,790)	(5,916,000)
Ceanglais Deiridh		<u>5,980,000</u>	<u>4,100,000</u>

8. COSTAIS PHINSEAN

a) Scéim Pinsean

Oibríonn an Coimisiún scéim shochair shainithe atá neamh-mhaoinithe. Bunaíodh na luachálacha a úsáideadh le haghaidh faisnéisithe FRS17 ar luacháil achtúireach iomlán ag achtúire cáilithe neamhspleách chun ceanglas FRS17 a chur i gcuntas d'fhonn dliteanais na scéime ag 31 Nollaig 2007 a mheas. Is iad na toimhdeanna airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh faoi FRS17.

	AG 31/12/07	AG 31/12/06	AG 31/12/05
Ráta Lascaine	5.50%	5.50%	5.50%
Ráta an Ardaithe Thuarastail Ionchais	4.00%	4.00%	4.00%
Ráta ardaithe san íocaíocht pinsean	4.00%	4.00%	4.00%
Boilsciú	2.00%	2.00%	2.00%

b) Glanmhaoiniú larchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain

	2007	2006
Maoiniú inghnóthaithe i leith chostas pinsean na bliana reatha	176,155	149,682
Deontas Stáit arna fheidhmiú chun pinsinéirí a íoc	-	-
-	<u>176,155</u>	<u>149,682</u>

c) Anailís ar mhuirear caiteachais iomlán na gcostas pinsean

	2007	2006
Costais Seirbhíse Reatha	165,000	150,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean	50,000	45,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(38,845)	(45,318)
Costas Oibríochta iomlán	<u>176,155</u>	<u>149,682</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - ar leanúint

d) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an Coimisiún na méideanna seo mar shócmhainn ag freagairt don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe toimhdí a gcuirtear síos orthu thíos agus méid teagmhas roimhe seo. Áirítear orthu seo an bonn reachtúil le haghaidh bhunú na scéime aoisliúntais, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí le fostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann maidir leis na méideanna sainiúla seo leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo de bheith faoi chomhair íocaíochtaí den sórt seo de réir an chleachtais reatha. B'fhiú €1,000,000 (2006: €900,000) an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail ag 31 Nollaig 2007.

e) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsean le linn na bliana airgeadais

	2007	2006
Glandliteanas Scéime Pinsean ag 1 Eanáir	900,000	830,000
Costas seirbhíse reatha	165,000	150,000
Costas úis	50,000	45,000
Caillteanas/(gnóchan) achtúireach	(115,000)	(125,000)
Sochair arna n-íoc sa bhliain	-	-
Glandliteanais Pinsean ag 31 Nollaig	<u>1,000,000</u>	<u>900,000</u>

f) Stair thaithe ghnóchan agus chaillteanas

	2007	2006	2005
Taithe chaillteanas/(ghnóchan) ar dhliteanais scéime			
Méid (€)	(115,000)	(125,000)	29,000
Céatadán de luach reatha dhliteanas na scéime	(11%)	(14%)	3%

Méid iomlán aitheanta i Ráiteas na gcaillteanas agus na ngnóchan aitheanta

Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach a ghnóthófar i dtréimhsí amach anseo	(115,000)	(125,000)	29,000
Céatadán de luach reatha de dhliteanais na scéime	(11%)	(14%)	3%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - ar leanúint

9. LEASANNA CHOMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN


Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain.

10. IDIRBHEARTA ATÁ BAINTEACH LE PÁIRTITHE

Trína stiúthóireacht ar eTeams Ltd., rinneadh idirbheart idir duine de na Comhaltaí Boird agus CFI trí sheirbhísí aistriúcháin a sholáthar a raibh margadhluach €2,637 acu don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007.

11. Formheas Boird

Rinne Bord Choimisiún Forbartha an Iarthair na Ráitis Airgeadais seo a fhorghéar ar 15/7/2008.



GIORRÚCHÁIN

CFI	Coimisiún Forbartha an Iarthair
NDP	Plean Forbartha Náisiúnta
CTFI	Clár Thurasóireacht Forbartha an Iarthair
ICT	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
SME	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
NIRSA	Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
NSS	Straitéis Spáis Náisiúnta
TTC	Comhairliú Turasóireachta agus Iompair
GVA	Oll-luach Breise
FTE	Post Lánaimseartha
KCWF	Feirm Gaoithe Phobal Chill Ala Teo
KCC	Comhairle Phobal Chill Ala
INTERREG	Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh do chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach
FAP	Painéal Comhairleach Ciste